# Vóta 1

# Teaghlachas an Uachtaráin

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 1, tá iallach orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a réiteach, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tá an cuntas ceangailte leis seo réitithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus speansais Oifig Ard-Rúnaí an Uachtaráin, maidir le speansais áirithe de chuid Theaghlachais an Uachtaráin agus deontais áirithe.

Déantar an táirgeacht caiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna ceadaithe ag Dáil Éireann faoin tAcht Leithreasa 2019, an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas na bliana san áireamh.

Dlitear barrachas €858,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é An Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cloíodh leis na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta in ullmhú an chuntais ach amháin an méid seo a leanas:

Ní luacháiltear sócmhainní oidhreachta a bhaineann le Teaghlachas an Uachtaráin mar shócmhainní sna ráitis airgeadais seo. Tá san áireamh sna sócmhainní troscán, saothair ealaíne. Tá tréithe neamh-inchoimhthithe agus sobhriste ag baint leo agus ní féidir a gcomhshamhail a sholáthar, agus mar sin de ní cuspóir fónta a bheadh ann na sócmhainní a chaipitliú sna ráitis seo.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag Oifig Theaghlachas an Uachtaráin.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí Roinn an Taoisigh. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a sholáthar go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Cuireann an Roinn Airgeadais feidhm íocaíochta agus chuntasaíochta ar fáil do Theaghlachas an Uachtaráin.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceangaltais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Teaghlachas an Uachtaráin agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte acmhainní daonna agus phárolla a sholáthar.

Tá mé ag brath ar litir forchinntithe ón Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte do Theaghlachas an Uachtaráin.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Tá coiste iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá tábhacht ag baint le timpeallacht rialaithe inmheánaigh airgeadais na Roinne Airgeadais, mar is é an Roinn Airgeadais a chuireann feidhm íocaíochta agus seirbhísí cuntasaíochta ar fáil do Theaghlachas an Uachtaráin.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach ar thuarascalacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh de Theaghlachas an Uachtaráin
- córais ann atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadail.

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn Teaghlachas an Uachtaráin go gcuirtear béim oiriúnach ar dea-ghnás i dtaobh cúrsaí soláthair, agus go bhfuil nósanna imeachta ann lena chinntiú go gcloítear leis na treorlínte soláthair ábhartha go léir. Níor sháraigh aon chonradh an tairseach tuairiscithe €25,000, a dámhadh gan phróiseas iomaíoch.

***Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Tagann Teaghlachas an Uachtaráin faoi chuimsiú na feidhme iniúchta inmheánaigh a sholáthraíonn Roinn an Taoisigh a bhfuil pearsanra oilte cuí acu agus a oibríonn faoi chairt scríofa a cheadaigh mé. Cuirtear an obair iniúchta inmheánaigh san áireamh trí anailís a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Teaghlachas an Uachtaráin neamhchosanta orthu agus tá sé d'aidhm leis an obair na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Tá an fheidhm iniúchta inmheánaigh agus a chlár oibre faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúil uaimse agus ón gCoiste Iniúchta, a oibríonn faoi choimirce Roinn an Taoisigh.

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchta i 2019 agus cuireadh i bheidhm i 2019 an clár oibre iniúchta a comhaontaíodh i 2018.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Teaghlachas an Uachtaráin a déanann sainaithint ar rioscaí ríthábhachtacha agus a thuairiscíonn iad agus na gníomhartha bainistíochta atá á dhéanamh chun dul i ngleic leo agus, chomh fada agus is féidir, na rioscaí a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhma aithníonn na príomhrioscaí do Theaghlachas an Uachtaráin agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ag an mBord Bainistíochta go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo le hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déantar cur síos leis an gclár riosca ar na rialuithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus tugann sé freagracht as rialuithe a fheidhmiú do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don Bhord Bainistíochta, áit is ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha ii bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag Teaghlachas an Uachtaráin le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta do bhainistiú agusrialú riosca . Sa bhliain 2019, cuireadh obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí i dTeaghlachas an Uachtaráin, a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil, san áireamh agus monatóireacht agus athbhreithniú á dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh i dTeaghlachas an Uachtaráin.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2019 ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta

27 Aibreáin 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Teaghlachas an Uachtaráin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Aibreán 2020

# Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Teaghlachas an Uachtaráin | 3,044 | 2,348 | 2,453 |
| B | Deolchaire daoine in aois a chéid | 1,472 | 1,307 | 1,136 |
| | Ollchaiteachas | **4,516** | **3,655** | **3,589** |
| | *Bain de* | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **82** | **78** | **90** |
| **Glanchaiteachas** | | **4,434** | **3,577** | **3,499** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime feidhmithe faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **857,977** | **821,983** |

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta

27 Aibreán 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas um Chostas Feidhmiúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | 1,258 | 1,093 |
| Pá | | 1,724 | 1,717 |
| Caiteachas eile | | 673 | 779 |
| **Ollchaiteachas** | | **3,655** | **3,589** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **78** | **90** |
| **Glanchaiteachas** | | **3,577** | **3,499** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | (17) | | |
| Dímheas | 20 | | |
| | | 3 | 23 |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 107 | | |
| Laghdú ar stoc | 1 | | |
| | | 108 | (81) |
| **Caiteachas díreach** | | **3,688** | **3,441** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 4,780 | 4,467 |
| **Glanchostas an chláir** | | **8,468** | **7,908** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta as na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 1 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 13 | 13 |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 784 | 772 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,095 | 1,924 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 3 | 3 |
| Vóta 20 | Garda Síochána | 200 | 194 |
| Vóta 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | 364 | 253 |
| Vóta 36 | Cosaint | 422 | 413 |
| An Lárchíste (Luachanna saothair agus liúntais Uachtaráin agus pinsin Uachtaráin) | | 899 | 895 |
| | | **4,780** | **4,467** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2019

| | **Nóta** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 35 | 38 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.3 | 29 | 30 |
| Réamhíocaíochtaí | | 21 | 26 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 7 | 4 |
| Ioncam fabhraithe | | 3 | 4 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 109 | 85 |
| **Iomlán sócmhainní reatha** | | **169** | **149** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 58 | 41 |
| Speansais fhabhraithe | | 140 | 39 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 58 | 48 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **256** | **128** |
| **Glandliteanais reatha** | | (87) | 21 |
| **Glansócmhainní** | | **(52)** | **59** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas mhaoiniú an Stáit** | 2.7 | **(52)** | **59** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh teicneolaíochta faisnéise | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 329 | 15 | 344 |
| Breiseanna | 17 | — | 17 |
| Diúscairtí | (6) | — | (6) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2019 | 340 | 15 | 355 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2019 | 291 | 15 | 306 |
| Dímheas don bhliain | 20 | — | 20 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (6) | — | (6) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2019 | 305 | 15 | 320 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2019** | **35** | — | **35** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018 | 38 | — | 39 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | (58) | (41) |

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Boinn daoine in aois a cheid | 8 | 7 |
| Tomhaltáin teicneolaíochta faisnéise agus stáiseanóireacht | 21 | 23 |
| | **29** | **30** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Nithe dochair eile ar fionraí | 7 | 4 |

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 26 | 25 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 9 | 11 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntas breise[a] | 6 | 6 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 5 | 5 |
| Cáin shiarchoinneálach | — | 1 |
| Ranníocaíocht pinsin | 4 | — |
| | 50 | 48 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 8 | — |
| | **58** | **48** |

Nóta [a] Tagraíonn an figiúr ó 2018 do Asbhaintí Pinsean-choibhneasta. Cuireadh Ranníocaíochtaí Aoisliúntas Breise ina n-áit ó 1 Eanáir 2019

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 858 | 822 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (967) | (907) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **(109)** | **(85)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 7 | 4 |
| | 7 | 4 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (50) | (48) |
| Banc agus airgead tirim | (58) | (41) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (8) | — |
| | (116) | (89) |
| | **(109)** | **(85)** |

## 2.7 Cuntas mhaoiniú an Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 59 | 11 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 4,434 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (858) | | |
| Vóta glan | | | 3,576 | 3,499 |
| Caiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 4,780 | 4,467 |
| Nithe eile (nach airgead tirim iad) | | | 1 | (10) |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (8,468) | (7,908)) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **(52)** | **59** |

## 2.8 Gealltanais

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 150 | 16 |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin a leanas leithroinnte ar na cláir éagsúla, chun costais iomlána na gclár a chuir i láthair.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 1,832 | 1,724 | 1,717 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 310 | 87 | 184 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 340 | 327 | 351 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 86 | 64 | 87 |
| v | Trealamh oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí gaolmhara | 535 | 195 | 156 |
| | | **3,103** | **2,397** | **2,495** |

### Athrúcháin shuntasacha

Seo a leanas cúis na ndifríochtaí nach beag i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothabháil**

*Soláthar meastacháin: €310,000, Toradh: €87,000*

Bhí costais na gcuairteanna thar lear i 2019 níos ísle ná a réamh-mheasadh. Tugadh cuairt ar an RA, an Ghearmáin, SAM, an Ghréig, an Chipir agus an Liobáin, agus bhí laghdú i gcomparáid leis an bhliain roimhe inar áiríodh costais a bhain le cuairt fhada ar an Astráil agus an Nua-Shéalainn ag deireadh 2017 ach a íocadh i 2018.

**v Trealamh oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí gaolmhara**

*Soláthar meastacháin: €535,000, Toradh: €195,000*

Bhí infheistiú mór aonuaire san áireamh sa mheastachán i gcóras sreabhadh oibre nua agus córas fóin. Thosaigh an tionscadal i 2019 agus cuireadh bonneagar T.F., córas fóin agus trealamh deasc nua in ionad na seanchórais agus bhog an bhainistíocht chuig an OGCIO. Tarlóidh an cuid eile den tionscadal i 2020.

## Clár A Teaghlachas an Uachtaráin

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 1,788 | 1,677 | 1,676 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 1,256 | 671 | 777 |
| | | **3,044** | **2,348** | **2,453** |

## Clár B Deolchaire Daoine in Aois a Chéid

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastach áin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán - pá | 44 | 47 | 41 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 15 | 2 | 2 |
| B.3 | Deolchaire daoine in aois a chéid | 1,413 | 1,258 | 1,093 |
| | | **1,472** | **1,307** | **1,136** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Seo a leanas cúis na ndifríochtaí nach beag i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €165,000 níos ísle ná mar cuireadh ar fail, toisc go raibh níos lú daoine in aois a chéid ann ná mar a soláthraíodh dóibh. Íocadh amach 485 deolchaire daoine in aois a chéid i 2019 agus rinneadh soláthar le haghaidh thart faoi 540.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntas breise as luach saothair seirbhíse poiblí[a] | 75 | 71 | 78 |
| 2. | Ilghnéitheacha | 7 | 7 | 12 |
| | | **82** | **78** | **90** |

Nóta [a] Tagraíonn an figiúr ó 2018 do Asbhaintí Pinsean-choibhneasta. Cuireadh Ranníocaíochtaí Aoisliúntas Breise ina n-áit ó 1 Eanáir 2019.

# Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

## 5.1 Líon fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 26 | 27 |

## 5.2 Pá

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 1,532 | 1,546 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 57 | 58 |
| Ragobair | 21 | 20 |
| ÁSPC an fhostóra | 114 | 93 |
| **Pá Iomlán** | **1,724** | **1,717** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoir í €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is airde | Íocaíocht aonair is airde |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Liúntais ardghráid, speisialta nó dualgais breise | 5 | 4 | 19,174 | 19,126 |
| Ragobair | 15 | — | 4,342 | 5,458 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 1 | — | 2,894 | — |

## 5.4 Ró-Íocaíochtaí

| ar 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 1 | 1,650 | 4,080 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 1 | 1,650 | 4,080 |

Tá dhá phlean aisghabhála i bhfeidhm maidir le beirt le luach €4,080 a aistríodh go

Teaghlachas an Uachtaráin sa bhliain.